# Gaelscoil Thaobh na Coille

Nuachtlitir

Eagrán MF19 Lúnasa

19/08/2019

San eagrán seo:
In this issue:


| | |
|---|---|
| Bliain Scoile Nua<br>A New School Year | 1 |
| Tionscnamh Tógála<br>*Building Works* | 2 |
| Socruithe don Chéad Lá Scoile<br>*Arrangements for the First Day of School* | 2 |
| Páirceáil<br>*Parking* | 2 |
| Múinteoirí<br>*Teachers*<br>2019/2020 | 3 |
| Caidreamh<br>*Communication* | 4 |
| An Ghaeilge | 4 |
| Eolas Scoile<br>*School Information* | 4 |
| Eolas Scoile ar lean<br>*School Information continued* | 5/6 |
| Uaireanta Scoile<br>*School Hours* | 7 |
| Naíonáin Shinsearacha<br>Senior Infants<br>2019/2020 | *7* |
| Teachtaireachtaí ag Tuismitheoirí<br>*Communication with Parents* | *7* |
| Eolas do Thuistí N1<br>*Information for Parents of Junior Infants* | *8* |




FÁILTE AR AIS AR SCOIL





## bliain scoile NUA 2019/2020

A Thuismitheoirí,

*Bhéinn an-bhuíoch daoibh ach  cúpla nóiméad a ghlacadh leis an nuachtlitir agus na nótaí iniata a léamh agus na foirmeacha sonraí pearsanta agus leighis a líonadh agus a sheoladh ar ais chun na scoile ar an gcéad lá. Beidh obair tógála ar siúl sa scoil idir seo agus an Nollaig agus beidh socruithe ar Leith i bhfeidhm i rith an ama sin (tuile eolais ar an gcéad leathanach eile den nuachrlitir seo).*

*Beidh an scoil ag ath-oscailt don bhliain scoile nua ar an Aoine 30 Lúnasa 2019 ag 8.50am. Fáilte speisialta roimh na páistí agus na tuismitheoirí nua a bheidh ag tosú linn i mbliana. Tá súil agam go mbainfidh sibh taitneamh agus tairbhe as na blianta a chaithfidh sibh linn i nGaelscoil Thaobh na Coille.*

*Iarraim oraibh arís, a thuismitheoirí, iarracht speisialta a dhéanamh an Ghaeilge a labhairt agus sibh sa scoil. Cuidíonn sé go mór linne, na múinteoirí agus na páistí 'Gaeltacht' a chruthú inár scoil. Idir an dá linn bainigí taitneamh as an cúpla lá saoire atá fágtha ag na páistí.*

As we approach the beginning of another school year I would appreciate it if you would take a few minutes to read over this newsletter and attached documents and complete the Pupil Personal Details Form and return it to the school on the first day back. Building works will be happening in the school between now and December and specific plans and arrangements will be in place for the duration of the build (more information on the following page).

The school will re-open for the new school year on Friday 30th August 2019 at 8.50am. I would like to extend a special 'céad míle fáilte' to all the new pupils and parents who join our school this year. I hope you will enjoy and benefit from the years you will spend with us in Gaelscoil Thaobh na Coille.

I ask all parents, once again to make a special effort to speak Gaeilge when you're in the school. A positive effort and attitude from the parents helps the teachers and the children as we strive to develop a 'Gaeltacht' in our school. Enjoy the remaining days of the children's holidays.

Is mise le meas

Príomhoide

*Beidh an scoil ag ath-oscailt don bhliain scoile nua ar an Aoine 30 Lúnasa 2019 ag 8.50am.*

The school will re-open for the 2019/2020 school year on Friday 30 August 2019 at 8.50am.

## Tionscnamh Tógála : Building Works

*Tá an-áthas orm a chur in iúl daoibh go mbeidh tús á chur gan mhoill leis an tógáil le seomra ranga sa bhreis a chur leis an scoil. Bhíomar ag súil go dtósnófaí ar an obair seo i rith an tSamhraidh nuair a bhí an scoil dúnta ach bhí moill ar an Roinn Oideachais agus iad ag gabháil tríd na hiarratais ar fad a bhí acu agus níor ceadaíodh dúinn leanúint ar aghaidh go dtí an tseachtain seo caite.*



*Tógfar an seomra nua ar an gclós chun tosaigh ar an scoil in aice le seomraí ranga na naíonáin agus beidh an suíomh tógála scoite amach ón gcuid eile den scoil le claí cosanta roimh oscailt na scoile ar an Aoine 30 Lúnasa. Os rud é go mbeidh tógáil ar siúl agus an scoil ar oscailt beidh orainn socruithe ar leith maidir le fágáil & bailiú daltaí, gluaiseacht thart timpeall na scoile, amannta súgradh, bainistiú tráchta, párcáil srl. a chur i bhfeidhm i rith téimhse na tógála. Beidh Sláinte agus Slándáil daltaí, foireann agus tuistí na scoile mar thosaíocht againn agus na socruithe seo á chur le chéile. Iarraimíd oraibh a bheith foighneach agus comhoibriú linn i rith an ama seo.*

We're delighted to inform you that the building of our one classroom extension will begin shortly. We had hoped that this work would begin in early July when the school was closed for the holidays but unfortunately there was an administrative backlog in the Department of Education & Skills and we only got the final go ahead to proceed to construction the week before last.



The new classroom will be built on the yard to the front of the school next to the infant classrooms and a site compound will be in place before the school opens on Friday 30 August. As building works will take place while the school is in operation specific plans will be put into place for the duration of the build for the gathering & collection of pupils, movement in or around the school, break times, traffic management, parking etc. The Health & Safety of pupils, parents and staff will be a priority in all planning. We ask for your patience and co-operation during this time.

## Athruithe : Changes

- *Baileoidh ranganna na naíonáin go Rang a 2 ar an gclós il-aimseartha ar maidin seachas ar an gclós ós comhair na scoile*
- Junior infants to Second class will gather on the all-weather yard in the morning instead of on the yard to the front of the school.
- *Os rud é nach mbeidh daltaí R3 go R6 in ann úsáid a bhaint as an gclós os comhair na scoile le siúl sall go dtí na clóis ar chúl na scoile (cuairteanna cispheile) beidh orthu trasnú ag trasnú na gcoisithe ag an ngeata isteach le dul sall go dtí an clós. Iarraimid ar thuismitheoirí atá ag tiomáint agus ag páirceáil sa scoil aire agus cúram ar leith a thabhairt agus iad ar láthair na scoil.*
- As the pupils in R3 - R6 will not be able to cross the yard at the front of the school to get to the back yards (basketball courts) they will have to cross at the pedestrian crossing beside the entrance gate in order to walk around to the yard. We ask that parents driving on school grounds exercise extreme care and vigilance as they drive in and out of the school.

## Socruithe don Chéad Lá ar ais ar Scoil : Arrangements for the 1st Day Back to School

### Páirceáil do Thuistí na Naíonáin : Parking for Parents of Junior Infants on First Morning

*Le cúrsaí tráchta & páirceála a éascú ar an gcéad lá ar ais (Aoine 30 Lúnasa 2019) ceadófar do thuismitheoirí na naíonáin shóisearacha páirceáil ar chlós na scoile ar maidin. Baileoidh na daltaí ar fad ó N2 go R6 ar an gclós uile-aimseara ar an mhaidin sin. Baileoidh tuistí agus páistí na naíonáin shóisearacha i halla na scoile. Ní bheidh na socruithe páirceála seo ach i bhfeidhm don chéad mhaidin amháin. Ón Luan 2 Meán Fómhair ar aghaidh baileoidh daltaí N1 go R2 ar an gclós uile-aimseara ar maidin agus baileoidh daltaí R3 go R6 ar na cuairteanna cispheile.*

In order to ease traffic congestion on the first morning back to school (Friday 30th August 2019) parents with children starting in junior infants will be permitted to park in the school yard that morning. Parents with children in other classes are advised where possible, to find a 'legal' parking spot outside the school and walk into school with their child/children. The pupils from N2 to R6 will congregate on the all-weather yard on that morning. Junior Infants and their parents will congregate in the school hall. This parking arrangement will only be in place on the first morning. From Monday 2nd September the pupils from N1 to R2 will line up in the all-weather yard and the pupils from R3 to R6 will line up in the basketball courts.

## Páirceáil : Parking

*Tá ionaid páirceála ar fhearann na scoile agus i ngar don scoil fíor-ghann. Molaimíd go mór dóibh siúd gur féidir leo é siúl nó rothaíocht chun na scoile. Más gá an carr a úsáid le páistí a thabairt ar scoil molaimíd páirceáil píosa beag ón scoil agus siúl isteach go Gleanntán Beallairmín. Is **d'fhoireann na scoile** amháin na hionaid páirceála os comhair na scoile amach.*



Parking places in the school grounds and in the vicinity of the school are extremely limited. We strongly recommend that those of you who can, walk or cycle to school. If you have to drive your child/children to school we suggest that you park a little bit away from the school and walk into Belarmine Vale. Parking in the car parking spaces to the front of the school is reserved for school staff only.

# Múinteoirí : 2019/2020

N1A An Múinteoir Niamh Ní Dhúill
N1B An Múinteoir Ciara Ní Bháille
N1C An Múinteoir Orla Ní Fhicheallaigh

N2A An Múinteoir Bernie Ní Ruadaigh
N2B An Múinteoir Cormac Chambers

R1A An Múinteoir Sinéad Nutley
R1B An Múinteoir Deirdre Uí Dhónaill

R2A An Múinteoir Bróna Ní Bhaoill
R2B An Múinteoir Maoilíosa Ó Dubhthaigh

TF An Múinteoir Caitríona Bairéad
TF An Múinteoir Eavan Ní Mhuirgheasa
TF An Múinteoir Sadhbh Ní Fhloinn
TF *Le ceapadh*

R3A An Múinteoir Deirdre Uí Dhiomasaigh
R3B An Múinteoir Orla Bradshaw

R4A An Múinteoir Tomás Mac Uileagóid
R4B An Múinteoir Colm Ó Coisdealbha

R5A An Múinteoir Máire Mhic Gabhann &
An Múinteoir Máirín Ní Dhubhthaigh
R5B An Múinteoir Clíona Seoighe

R6A An Múinteoir Clíodhna Ní Leocháin
R6B An Múinteoir Rícheal Ní Thiarnaigh

PO An Múinteoir Emer Nic Chonchradha









## Athraithe Fóirne : Staff Changes

*Is oth liom a chur in iúl daoibh go bhfuil An Múinteoir Oisín Mac Muiris ag athlonnú go Corcaigh go fadtéarmach agus go bhfuil an Múinteoir Brídín Ní Fhearraigh ag filleadh abhaile ar Dhún* na nGall *& nach mbeidh sí ag obair linn a thuile i nGaelscoil Thaobh na Coille. Bhí an t-ádh linn an bheirt acu a bheith ar fhoireann na scoile agus mothóimíd uainn go mór iad. Guímid gach rath orthu ina scoileanna nua agus amach anseo sa todhchaí.*

I regret to inform you that An Múinteoir Oisín Mac Muiris has decided to relocate permanently to Co. Cork with his future wife and An Múinteoir Brídín Ní Fhearraigh is leaving us to return to her native Donegal. They have both been a great asset to the school and will be greatly missed by the staff and pupils here in Gaelscoil Thaobh na Coille. We wish them every success in their new schools and in the future.

*Tá an Múinteoir Karl Priestley & an Múinteoir Treasa Ní Argáin ag glacadh briseadh gairme bliana ón scoil i mbliana. Guímíd gach rath orthu don bhliain amach rompu agus tá súil againn go mbeidh siad beirt ar ais linn arís don scoil bhliain 2020/2021.* Beidh an *Múinteoir Cormac Chambers ag filleadh ar an scoil i mí Meán Fómhair tar éis bliain a chaitheamh ar shos gairme agus beidh An Múinteoir Sadhbh Ní Fhloinn ar ais linn freisin tar éis saoire mátharachais.*

We wish An Múinteoir Karl Priestley & an Múinteoir Treasa Ní Argáin all the best as they take a career break for the coming year. We hope to see both of they return to us for the 2020/2021 school year. An Múinteoir Cormac Chambers will be returning to the school in September after taking a year out on career break as will An Múinteoir Sadhbh Ní Fhloinn who will be back from Maternity leave.

*Gabhaimíd comhghháirdeachas leis An Múinteoir Orla Bradshaw as a bheith ceapaithe ar fhoireann bhuan na scoile i mbliana. Fáiltímíd ar ais roimh An Múinteoir Deirdre Uí Dhiomasaigh a bhí ag obair linn anuraidh agus a bheidh linn arís ó Mheán Fómhair ar feadh na bliana. Cuirimíd fáilte freisin roimh ár mbeirt mhúinteoir nua Sinéad Nutley & Becky Ní Dhuibheannaigh agus guímíd gach rath orthu don bhliain atá le teacht*

Congratulations to An Múinteoir Orla Bradshaw on her appointment as a permanent member of staff. We are also delighted to welcome back an Múinteoir Deirdre Uí Dhiomasaigh who worked in the school last year and will be with us again for the coming year. We would also like to extend a huge welcome to An Múinteoir Sinéad Nutley and An Múinteoir Becky Ní Dhuibheannaigh who are also joining the teaching staff this year. We wish them all the best for the coming year.

# Caidreamh : Communication



*Cuirtear fáilte roimh thuismitheoirí teacht chun na scoile chun aon deacracht nó fadhb atá ag a bpáiste a phlé leis an múinteoir ranga nó leis an bpríomhoide. Iarrtar ort coinne a dhéanamh roimh ré, le go mbeidh an múinteoir agus tú féin in ann cúrsaí a phlé gan aon chur isteach. Ní bheidh sé ar chumas an mhúinteora labhairt leat nuair atá sé/sí i mbun ranga.*

Parents are encouraged to discuss with the class teacher or the principal any difficulties or problems their child may be experiencing at school. However we ask you to make an appointment beforehand to ensure that the teacher and parent may meet in private, without interruption. The teacher will not be able to talk to you during class time.

## An Ghaeilge

*Is í an Ghaeilge an teanga theagaisc agus an teanga chumarsáide i nGaelscoil Thaobh na Coille. Is teanga bheo í an Ghaeilge sa scoil laistigh agus lasmuigh de na ranganna, sa chlós agus i dtimpeallacht na scoile. Iarraimid ar thuismitheóirí agus gach duine eile a bhíonn bainteach leis an scoil cuidiú linn agus muid ag cruthú 'Gaeltacht' inár scoil agus inár dtimpeallacht. Má theastaíonn ó thuismitheoir / chaomhnóir labhairt leis an múinteoir ranga le linn ranga, iarrtar air/uirthi Gaeilge a labhairt.*

Irish is the language of instruction and the language of communication in Gaelscoil Thaobh na Coille. Irish is a living language within the classroom and without, in the schoolyard, and in the vicinity of the school. We ask parents and everyone involved with the school to help us as we strive to create our own 'Gaeltacht' in the school and in our locality. If a parent / guardian wishes to speak with the class teacher during class time, they are asked to do so 'as Gaeilge'.

## Eolas Scoile : School Information



### *Foirm Sonraí Pearsanta /Leighis an Pháiste* : Child's Personal/Medical Details Form

*Foirm Sonraí Pearsanta/Leighis an Pháiste iniata - seol isteach chun na scoile iad ar an Aoine 30 Lúnasa le bhúr dtoil. Tá an fhoirm seo fíor-thábhachtach i gcás éagandála.*

Child's Personal/Medical Details Form(s) enclosed - please complete and return to the school on Friday 30th August. It is imperative that we have this form in case of an emergency etc.

### *Leabhair Scoile* : School Books

*Iarraimíd ort a chinntiú go bhfuil na leabhair scoile ar fad atá le ceannach agat do do pháiste acu ar an Aoine, iad clúdaithe agus ainm an pháiste scríofa orthu (i nGaeilge). Coinnítear formhór na leabhar ar scoil i rith na bliana.*

*N2 - R6 Bhí cuid de na leabhair le ceannach agaibhse i rith an tSamhraidh & beidh an chuid eile ar fáil tríd an scéim iasachta scoile i mí Meán Fómhair.*

*N1 - Tabharfar a leabhair scoile ar fad do na naíonáin shóisearacha ar an Aoine.*



We ask you to ensure that your child/children bring the school books that were to be bought during the Summer with them to school on Friday. Please cover schoolbooks and write your child's name on all of them (in Irish). Most of the books are kept in school during the school year.

N2 – R6 Some books were to be purchased by your selves during the summer holidays while the rest will be made available through our book rental scheme in September.

N1 - The Junior Infant pupils will receive their schoolbooks on Friday.

# Eolas Scoile : School Information



### *Árachas Timpiste* : Personal Accident Insurance

*Bhí clúdach árachais pearsanta timpiste 24 uair a chloig don scoilbhliain 2019/2020 san áireamh do gach páiste sa Bhille Scoile a eisíodh i mí an Mheitheamh do dhaltaí N2 go R6 agus íoctha ag gach páiste i rang na naíonáin shóisearacha freisin mar chuid den €100 a d'íoc tuistí agus áit á ghlacadh acu sa scoil.*

24 hour personal accident insurance cover was included in the 2019/2020 School Bill that was issued to all pupils in N2 to R6 in June and paid for all junior infant children from the €100 paid on accepting a school place for them.



### *Éide Scoile :* School Uniform

*Is cóir an t-éide scoile iomlán a chaitheamh i gcónaí ach amháin nuair a bhíonn Corp Oideachas ar chlár ama an lae nuair a caithtear an culaith spóirt. Dé Luan N1 - R2, Dé hAoine R3 - R6. Tá sé ceadaithe an t-éide scoile samhraidh (brístí gearra dubhghorm & an geansaí spóirt) a chaitheamh i mí Meán Fomhair má bhíonn an aimsir ann chuige!*

The full school uniform should be worn at all times except on the days when PE is timetabled and the children wear their tracksuits. Monday N1 - R2, Friday R3 - R6. The children may wear the 'summer uniform' (navy shorts & sports sweatshirt) in September, weather permitting!



### *Bróga Scoile* : School Shoes

Cuirim i gcuimhne daoibh gur bróga dubh nó dubhghorm amháin ba cheart a bheith á chaitheamh ag na páistí ar scoil. Níl bróga nó bróga reatha il-daite ceadaithe.

*Please remember that **only black or navy shoes** are to be worn to school. **Coloured shoes or runners are not permitted** as they are not part of the school uniform. Runners for PE should be black, navy or white.*



### *Polasaí Bia Sláintiúil* : Healthy Eating Polasaí

*Cuirfimid i gcuimhne daoibh go bhfuil polasaí Bia Sláintiúil i bhfeidhm sa scoil. Meallaimíd na daltaí le bia sláintiúil ar nós torthaí & glasraí a ithe mar chuid den lón scoile. Iarrtar ar na daltaí torthaí nó glasraí amháin a ithe ag am lón beag agus an chuid eile den lón a ithe ag am lón mór. Iarraimid oraibh gan milseáin, seacláid, crispí, brioscaí nó deochanna milse a bheith ag na páistí ar scoil. Molaimíd ceapairí, torthaí agus deoch a bheith acu mar lón. Ní ceadaítear cnónna/bia le cnónna mar chuid den lón mar go bhfuil ailléirge ag roinnt daltaí sa scoil le cnónna.*



We would like to remind you that the school has a healthy eating policy. We encourage the children to eat healthy foods such as fruits and vegetables as part of their school lunch. We ask the children to eat fruit and vegetables only at little break with the remaining lunch being eaten at big break! We would ask you to exclude sweets, chocolate, crisps, biscuits and fizzy drinks from your child's lunchbox. We suggest a lunch consisting of sandwiches, fruit and a drink. Nuts & foods containing nuts are not allowed in school & should not be sent in to school for lunch as several children in the school suffer from severe nut allergies.



### *Puncúlacht* : Punctuality

*Iarraimid oraibh iarracht speisialta a dhéanamh na daltaí a bheith ar scoil ag a 8.50am.*

We ask you to make a special effort to ensure that all pupils are at school for 8.50am.

### *Am Dul Abhaile :* Home Time




*Ag a 1.30pm siúlfar na naíonáin amach go dtí an clós beag os comhair na scoile agus is ansin a bhaileoidh na tuismitheoir/feidhlithe iad. Ag a 2.30pm siúlfar na ranganna eile go léir go lár an chúirt cispheile agus is ansin a bhaileoidh na tuismitheoirí/feidhlithe iad.*

At 1.30pm the Infant classes will be brought to the small yard to the front of the school and the parents/minders will collect them there. At 2.30pm the remaining classes will be walked to the middle of the basketball courts where they should be picked up by their parent(s)/minder(s).

# Eolas Scoile : ar lean



## *Éadaí & Giúirléidí* : Clothes & Belongings

*Bí cinnte go bhfuil ainm do pháiste ar a c(h)uid éadaí agus giúirléidí (geansaithe & cótaí ach go háirithe).*
Ensure that your child's name is on all his/her clothes and belongings (especially jumpers & coats).



## *Rince Gaelach* : Irish Dancing

*Bíonn ár múinteoir rince sa scoil gach Céadaoin/Déardaoin ag múineadh rince Gaelach do gach rang. Ba chóir go mbeadh bróga boga ag na daltaí don rince (plimsoles).* Our dance teacher teaches irish dancing to all classes every Wednesday & Thursday. We recommend that all pupils have soft shoes for dancing (black plimsoles).



## *Obair Bhaile* : Homework

*Seiceáil obair bhaile do pháiste gach lá agus sínigh an leabhar nótaí obair bhaile nuair atá tú sásta go bhfuil sé déanta i gceart aige/aici (R1 ar aghaidh). Ní tugtar obair bhaile de ghnáth ar an Aoine.*
Check your child's homework everyday and sign his/her homework notebook when you are happy that it is done correctly (R1 upwards). Homework will generally not be given on Friday.



## *Nótaí* : Notes

*Seiceáil do r-phost agus mála scoile (nó dialann obair bhaile) do pháiste do litreacha nó nótaí ón scoil.* Please check your e-mails & child's schoolbag (or homework journal) for notices or letters from the school.



## *Tinreamh* : Attendance

*Iarrtar ar thuismitheoirí a chur in iúl don scoil i scríbhinn nuair a bhíonn dalta as láthair ón scoil de bharr tinnis nó eile. Féach leathanach sa Dialann Obair Bhaile atá le líonadh sa chás seo. Má bhíonn dalta as láthair 20 lá sa scoil bhliain is gá don scoil é sin a chur in iúl don oifigeach Leas Pháistí.* Parents are asked to inform the school in writing if their child has been absent from school be it due to illness or other. See page in 'Dialann Obair Bhaile' that should be filled out in this situation. The school is required to inform the Educational Welfare Officer if a pupil is absent from school for 20 days in any school year.



## *Sonraí Teagmhála Scoile* : School Contact Details

| | |
|---|---|
| *Uimhir Gutháin Scoile* | *Seoladh Ríomhphoist* |
| School Phone Number | E-mail address |
| 01 2950000 | gaelscoil@taobhnacoille.ie |



## *Suíomh Gréasáin* : School Website

www.taobhnacoille.ie




*Ná déan dearmad gur féidir cuairt a thabhairt ar shuíomh gréasáin Ghaelscoil Thaobh na Coille ag www.taobhnacoille.ie. le heolas a fháil faoin scoil agus faoi imeachtaí reatha scoile.* Don't forget that you can visit our school's website at www.taobhnacoille.ie. where you will find information about the school and details about school events.



## *Cód Smachta* : Code of Discipline

*Daltaí Nua : Ní mór do thuismitheoirí uile an cód smachta a léamh go cruinn. Sínigh an fhoirm atá ag cúl an lea-bhráin lena dheimhniú go bhfuil sé léite agat agus go nglacann tú leis thar cheann do pháiste/pháistí. Gearr amach an leathanach agus seol ar ais chun na scoile í.*
New Pupils : It is imperative that all parents read this document carefully. Please sign the form on the last page as verification that you have read the Code of Discipline and that you accept it on behalf of your child/children. Cut out the page and return it to the school.



## *Féilire Scoile* : 2019/2020 : School Calendar

*Tá cóip d'fhéilire scoile na bliana seo iniata agus tá sé ar fáil freisin ar shuíomh ghréasáin na scoile ag www.taobhnacoille.ie.*
A copy of the school calendar is enclosed and can also be viewed on the school website at www.taobhnacoille.ie

Nuachtlitir

## Uaireanta Scoile



### School Hours

*Osclaíonn an scoil do na páistí ag a 8.50 a.m. Ní ghlacfar freagracht as páistí a thagann roimhe sin. Críochnaíonn an lá scoile ag a 2.30 p.m. ach i gcás na naíonáin a théann abhaile ag a 1.30 p.m. Ba chóir do na tuismitheoirí socraithe a dhéanamh a bpáistí a bhailiú ag an áit bhailithe, agus an duine a bhéas á mbailiú a bheith ag an scoil roimh nó ag a 2.30 p.m. Ní ghlacfaidh an scoil freagracht as páiste ar bith i ndiaidh an ama sin.*

The school opens to receive pupils at 8.50 a.m. No responsibility is accepted for pupils arriving before that time. Classes end each day at 2.30 p.m. except in the case of the infant classes who finish at 1.30 p.m. Parents should make arrangements to have their children met at the collection point and the person to escort them should be at the school not later than 2.30 p.m. The school cannot accept responsibility for the children after that time.



## Teagmháil le Tuistí

### Communication with Parents

*Le teagmháil éifeachtach, shoiléir a chinntiú & le heolas contráilte & mí-thuiscintí a sheachaint baintear úsáid as na modhanna cumarsáide seo a leanas le heolas maidir le 'Cúrsaí/Gnó Scoile' a scaipeadh ar thuismitheoirí:*

In order to ensure effective communication and to avoid confusion, misunderstandings and misinformation please note that information pertaining to all 'School Business' will be communicated to the parents via one of the following methods:

- *Nóta seolta abhaile i mála scoile na ndaltaí*
  Hard copy notice sent home in school bags
- *Téacs seolta ón Scoil ag na tuistí tríd Text-a-Parent*
  A text sent out by the School via Text-a-Parent
- *R-phost ón Scoil trí chóras bhunachar sonraí na scoile*
  E-mail from school via school's database system
- *Nuachtlitir Scoile* School Newsletter
- *Suíomh Gréasáin na scoile* School's Website

[www.taobhnacoille.ie](http://www.taobhnacoille.ie)

# Naíonáin Shinsearacha

## Senior Infants 2019/2020

**Buachaillí**

| | |
|---|---|
| 1 | Maddox Ó Blí |
| 2 | Miles Busek |
| 3 | Felix Mac Cadáin |
| 4 | Max Ó Caoinleáin |
| 5 | Leon Ó Catháin |
| 6 | Callum Ó Cearúil |
| 7 | Luke Ó Farannáin |
| 8 | Bródaí Mag Floinn |
| 9 | Oscar Mac Gabhann |
| 10 | Oisín Ó Glacáin |
| 11 | Dáithí Ó Lia |
| 12 | Theo Ó Roideacháin |
| 13 | Charlie de Spáinn |

**Cailíní**

| | |
|---|---|
| 1 | Sadhbh Nic Bhrádaigh |
| 2 | Roslyn Ní Bhraonáin |
| 3 | Kayleigh de Buitléir |
| 4 | Sophia Busek |
| 5 | Faith Charmant |
| 6 | Laura Nic Colla |
| 7 | Liv Ní Dhuláinne |
| 8 | Ailish Ni Fhionnalláin |
| 9 | Maria Nic Gearailt |
| 10 | Chloe Masún |
| 11 | Robyn Ní Mhacháin |
| 12 | Rachel Ní Mhurchú |
| 13 | Chloe Peagram |
| 14 | Mollie Peagram |
| 15 | Róisín Phlémonn |
| 16 | Violet Nic Seoin |
| 17 | Emilie Nic Suibhne |

**Buachaillí**

| | |
|---|---|
| 1 | Alex Ó Dubhthaigh |
| 2 | Aodán Ó Duighiolla |
| 3 | Charlie Mag Fhionnaile |
| 4 | Louie Ó Frighil |
| 5 | Tadhg Mac Giolla Stiofáin |
| 6 | Stephen Ó Guiní Iácób |
| 7 | Senan Ó Laoire |
| 8 | Cathal Ó Laomdha |
| 9 | Ciarán Ó Laomdha |
| 10 | Ruan Ó Maoilchiaráin |
| 11 | Callum de Paor |
| 12 | Hugh Ó Raghaill Bradáin |
| 13 | Matthew Ó Riada |
| 14 | Mikey Ó Ríordáin |
| 15 | Joshua Mac Tomáis |

**Cailíní**

| | |
|---|---|
| 1 | Holly Ní Aodha |
| 2 | Penny Ní Cheallacháin |
| 3 | Chloe Ní Chléirigh |
| 4 | Aisling Nic Cormaic |
| 5 | Aggie Déiseach |
| 6 | Emma Ní Dhubhchonna |
| 7 | Ruth Ní Eachthairn |
| 8 | Rachel Nic Gearailt |
| 9 | Anna Ní Ghallachóir |
| 10 | Eve Nic Giolla Bhríde |
| 11 | Síofra Nic Giolla Stiofáin |
| 12 | Laura Ní Mhurchú |
| 13 | Sarah Ní Thuathaigh |
| 14 | Caoilinn Townsend |

***Ní bhaineann an Scoil úsáid as 'Whats App'** le teachtaireachtaí maidir le cúrsaí scoile a scaipeadh ar thuismitheoirí.*

**The School does not use 'What's App'** to communicate information regarding school business with the parents.

*Má tá soiléiriú ag teastáil ó thuismitheoir maidir le haon cheann de na teachtaireachtaí sin nó le haon ábhar a bhaineann le cúrsaí scoile is ceart dul i dteagmháil le hoifig na scoile chun an soiléiriú sin a fháil.*

Any parent needing clarification on any issue arising out of any of these communications or any issue relating to school business should contact the school office directly for same.

*Guthán* Phone 01 2950000

*r-phost* e-mail gaelscoil@taobhnacoille.ie

Nuachtlitir

# Eolas do Thuistí na Naíonáin Shóisearacha
## Information for Parents of Junior Infants

## 3 Rang Naíonáin

Tá an-áthas orainn a chur in iúl daoibh go mbeidh na naíonáin shóisearacha á roinnt ina trí rang don bhliain seo. Déanfar 2 rang astu an bhliain seo chugainn nuair a bheidh siad ag dul isteach i rang na naíonáin shinsearacha agus fanfaidh siad amhlaidh go mbíonn siad i R6.

## 3 Infant Classes

*We are delighted to inform you that we will have 3 junior infant classes of 20 pupils each for the coming school year. This arrangement will cease when the children move on to senior infants. They will be split into two classes in senior infants and will remain like that until they reach 6th class.*

## Ranganna N1 2019/2020

| | **N1A** Niamh Ní Dhúill | | **N1B** Ciara Ní Bháille | | **N1C** Orla Ní Fhicheallaigh |
|---|---|---|---|---|---|
| | *Buachaillí* | | *Buachaillí* | | *Buachaillí* |
| 1 | Dylan de Búrca | 1 | Fionn Breathnach | 1 | Finn Ó Comhraí |
| 2 | Callum Comartún | 2 | Bobby Ó Ceara | 2 | Luke Consaidín |
| 3 | Myles Ó Dubhgaill | 3 | Frank Ó Ceara | 3 | Dylan Ó Duinn |
| 4 | Oisín Ó Dubhthaigh | 4 | Daniel Ó Curnáin | 4 | Conor Ó Gábháin |
| 5 | Dara Mac Giolla Bhríde | 5 | Jack Ó Diolúin | 5 | Joshua Mac Giolla Arraith |
| 6 | Tadhg Ó Maoilchiaráin | 6 | Tadhg Mac Domhnaill | 6 | Tristan Mac Giolla Arraith |
| 7 | Rowan Ó Nualláin | 7 | James Ó Dúlainn | 7 | Emre Gurakan |
| 8 | Damien Mac Samhráin | 8 | Rua Mac Innéirí | 8 | Ruairí Ó Lionáin |
| 9 | Fionn Mac Uidhir | 9 | Fionnán Mac Íomhair | 9 | Morrie Ó Máille |
| 10 | Jack Mac Uidhir | 10 | Harry Mercer | 10 | Jerome Paschal Ó hUrthuile Cuinneáin |
| | | 11 | Benjamin Mac Philib | | |
| | *Cailíní* | | *Cailíní* | | *Cailíní* |
| 1 | Croíadh Ní Chaoimh | 1 | Erin Ní Bhraonáin | 1 | Jade-Alexandra Alenkhe |
| 2 | Camille Ní Chathmhaoil | 2 | Eimear Ní Choncheanainn | 2 | Aoileann Ní Bhroin |
| 3 | Ita Ní Dheoráin | 3 | Elliot Nic Fhionnaile | 3 | Isabelle Búaman |
| 4 | Hazel Ní Dhúghaill | 4 | Darcey Nic Gabhann | 4 | Ailbhe Ní Chochláin |
| 5 | Éile Ní Dhuíginn | 5 | Siún Nic Giolla Chainnigh | 5 | Aisling Ní Dhálaigh |
| 6 | Zofia Ní Ghéibheannaigh | 6 | Saoirse Nic Giolla Phádraig | 6 | Emma Ní Dhorcaí Bréartúin |
| 7 | Charlotte Ní Ghnímh | 7 | Lucy Laighléis | 7 | Eve Ní Ghormáin |
| 8 | Alyssa Nic Giolla Bhríde | 8 | Quinn Oilibhéar | 8 | Khloe Ní Mháille |
| 9 | Hannah Ní Lia | 9 | Lola Nic Uidhir | 9 | Julia Ní Mhaolmhuaidh |
| 10 | Amie Nic Uaid | | | 10 | Cara Sincléir |

## An Chéad Lá
### The First Day

AN OÍCHE ROIMH RÉ : Féach go bhfuil gach rud - éide scoile, mála, lón, réidh don mhaidin. Féach chuige seo ar bhealach deas réidh - ná bíodh an leanbh róchorraithe nó imníoch ag dul a chodladh dó/di.

*The NIGHT BEFORE: Check that all items - uniform, bag, lunch - are ready for the morning. Do this in a calm fashion - don't have your child over-excited or anxious going to bed.*

AN LÁ MÓR : Baileoidh na naíonáin shóisearacha nua agus a dtuismitheoirí i halla na scoile ag 8.50am. Fáilteoidh an Príomhoide & na Múinteoirí rompu agus iarrfaidh siad orthu cad is ainm dóibh. Cuirfear ainm ghreamaitheoir ar gach páiste agus iarrfar orthu seasamh sa líne ranga. Ag a 8.50am siúlfaidh na múinteoirí ranga na páistí isteach sa rang. Fáiltítear roimh thuismitheoirí siúl isteach leo. Siúl isteach sa seomra ranga le do pháiste, socraigh síos é/í, abair slán agus IMIGH! Má bhraitheann tú féin ábhairín trí chéile, ná taispeáin é, fág an leanbh leis an múinteoir, agus abair leis/léi go mbeidh tú ar ais ag an am cuí chun é/í a bhailiú. Má tá an leanbh suaite, bíodh muinín agat as an múinteoir. Tá taithí mhaith ag an múinteoir agus tuigeann sí conas leanbh imníoch a chur ar a c(h)ompord.

*The BIG DAY : The new junior infants and their parents will gather in the school hall at 8.50am. The Príomhoide & Múinteoirí will welcome the children and ask them their names. A name sticker will be placed on each child and they will be asked to stand in their class line. The teachers will walk their classes into their classrooms at 8.50am. Parents are welcome to go in with them. Walk into the classroom with your child, settle him/her in, say goodbye and LEAVE! If you are feeling upset, don't show it, leave your child with the teacher, and tell him/her you will be back at the appropriate time to collect him/her. If your child is upset, trust the teacher. the teacher is very experienced and knows how to comfort an anxious child.*

CRÍOCH LUATH : Beidh na naíonáin ag dul abhaile ag a 12.00 a chlog ar feadh coicíse - Aoine 30 Lúnasa go dtí Déardaoin 12 Meán Fómhair



*EARLY FINISH : The junior infants will be finishing at* ***12.00 o'clock*** *for the first fortnight - Friday 30th August until Thursday 12th of September.*